An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing,
Planning and Local Government

Tuarascáil na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi Alt 22 d'Acht um Nochtadh Cosanta 2014 don tréimhse: An 1 Eanáir 2019 go dtí An 31 Nollaig 2019

Ullmhaithe ag An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

tithiocht.gov.ie

Cúlra

Tá sé mar aidhm le hAcht um Nochtadh Cosanta 2014 creat reachtúil láidir a sholáthar chun oibrithe a tharraingíonn aird ar ábhair imní faoi éagóir fhéideartha ('sceithirí') atá tugtha faoi deara acu ina n-áit oibre a chosaint. Foráiltear sa reachtaíocht, tacar cuimsitheach de chosaintí fostaíochta agus cosaintí eile, do sceithirí a ndéanann a bhfostóir iad a phionósú nó a fhulaingíonn díobháil ó thríú páirtí mar thoradh ar aird a tharraingt ar ábhair imní faoi éagóir fhéideartha ina n-áit oibre. Bainfidh siad tairbhe as díolúine shibhialta ó chaingne ag iarraidh damáistí agus pribhléid cháilithe faoi dhlí clúmhillte. Is ionann nochtadh cosanta a dhéanamh nó creideamh réasúnta gurb ionann nochtadh agus cosaint ar aon chaingean lena dtoirmisctear nó lena sriantar nochtadh faisnéise.

Sonraítear san Acht roinnt bealaí inar féidir nochtadh a dhéanamh – mar shampla, le fostóir duine (alt 6 den Acht) nó trí chainéil sheachtracha áirithe lena n-áirítear duine atá forordaithe le hOrdú ón Aire glacadh le nochtadh (alt 7). Chomh maith leis sin, foráiltear san Acht le haghaidh oibrí atá nó a bhí fostaithe i gcomhlacht poiblí nochtadh a dhéanamh le hAire Rialtais ar a bhfuil aon fheidhm a bhaineann le comhlacht poiblí arna tabhairt dó/di nó a fhorchuirtear le nó faoi aon achtachán (alt 8).

Tuarascáil Bhliantúil

Ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí (faoi Alt 22 den Acht) tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ina sonraítear líon na nochtuithe cosanta faighte sa bhliain roimhe sin agus an chaingean a rinneadh (más cuí). Níor cheart go mbeadh sé mar thoradh ar an tuarascáil seo go mbeadh daoine ag déanamh nochtuithe atá inaitheanta.

Is í seo tuarascáil bhliantúil 2019 na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi Alt 22 den Acht. Is í an tréimhse atá i gceist an 1 Eanáir 2019 go dtí an 31 Nollaig 2019.

Tá an Roinn tiomanta do thacú le cultúr freagrach agus eiticiúil eagraíochtúil. Tuigimid agus táimid bródúil as an ionracas a bhaineann lenár gcuid oibre laethúla. Ó am go ham, áfach, tarlaíonn rudaí míchearta agus nuair a tharlaíonn rudaí mar sin ní mór an Roinn a chur ar an eolas ionas gur féidir rudaí a chur ina gceart. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht oibre a chothú ina mothaíonn fostaithe ar a gcompord ag tarraingt airde ar ábhair imní a bhaineann le héagóir fhéideartha laistigh den Roinn agus na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil dóibh siúd a tharraingíonn aird ar ábhair imní dáiríre.

Rinne an Roinn athbhreithniú ar a Polasaí um Nochtadh Cosanta in 2019 agus foilsíodh an Polasaí athbhreithnithe i Meitheamh 2019. Soláthraítear breis soiléireachta sa téacs athbhreithnithe maidir leis na cainéil dhifriúla le haghaidh nochta agus breis faisnéise maidir leis an difríocht idir gearáin fostaíochta pearsanta agus nochtuithe cosanta. San áireamh san athbhreithniú seo bhí ábhar nuashonraithe maidir le cosaint chéannachta agus imscrúdú nochtuithe cosanta. Tá an doiciméad, dar teideal An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil – Polasaí agus Nósanna Imeachta um Nochtadh Cosanta, le fáil anseo.

Príomhfhorbairt san athbhreithniú roimhe seo ar an bPolasaí ba ea Grúpa um Nochtadh Cosanta (GNC) a bhunú agus tá an Grúpa seo fós i bhfeidhm. Soláthraíonn an GNC, ar a bhfuil ceathrar oifigeach sinsearacha sa Roinn, bealach malartach d'oibrithe ar mian leo nochtadh a dhéanamh, i dteannta leis an rogha ceist a tharraingt anuas go háitiúil le bainisteoir líne.

Sa tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo, fuair an tAire ceithre nochtadh cosanta ó oibrithe comhlachtaí a bhfuil feidhmeanna reachtúla ag an Aire ina leith, i.e. nochtuithe 'alt 8'. Tá measúnachtaí mionsonraithe ar na nithe i gceist á gcur i gcrích ag oifigigh sa Roinn agus tá obair leantach á déanamh leis na páirtithe iomchuí de réir mar is gá.

Ní bhfuarthas aon nochtuithe cosanta ó oibrithe na Roinne sa tréimhse a chlúdaítear sa tuarascáil seo.

tithiocht.gov.ie

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

An Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing,
Planning and Local Government